Eochairchéimeanna 1 & 2

Rewarding Learning

Úsáid TFC (Bunscolaíocht)

Nuashonrú ar na Gnéithe Inmhianaithe 2019

Clár Ábhair

Nuashonrú ar na Gnéithe Inmhianaithe 2019 2
Na Gnéithe Inmhianaithe a úsáid leis na 5 riachtanas a chlúdach 2
Cóipcheart 3
Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú 4
Ealaín agus Dearadh Digiteach 12
Fuaim Dhigiteach: Ceol agus Fuaim 15
Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan 18
Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht 23
Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht 27
Bainistiú Sonraí 31

Nuashonrú ar na Gnéithe Inmhianaithe 2019

Is féidir cineálacha éagsúla TFC a úsáid leis na riachtanais reachtúla curaclaim d'Úsáid TFC sa bhunscoil a chlúdach. Tá nuashonrú déanta againn ar ár dtreoir neamhreachtúil (Gnéithe Inmhianaithe) maidir leis na cineálacha éagsúla TFC agus rinne muid cuid de na catagóirí a athainmniú le go mbeadh siad ag teacht leis na hathruithe atá tagtha ar na teicneolaíochtaí atá ar fáil i mbunscoileanna.

Sa treoir ar na Gnéithe Inmhianaithe, leagtar amach a bhfuil inmhianaithe ag gach ceann de na Leibhéil reachtúla Dul Chun Cinn. Os rud é go léiríonn an treoir dul chun cinn sna hinniúlachtaí atá de dhíth maidir leis na cineálacha éagsúla TFC, is féidir go mbeidh sí ina cuidiú agat gníomhaíochtaí cuí a phleanáil do dhaltaí ag gach céim den bhunscoil. Taispeántar fosta cén cineál fianaise ba cheart duit a lorg agus tú ag déanamh breathnóireachta ar dhaltaí agus ag bronnadh leibhéil ar a gcuid oibre TFC. Cuireann na cineálacha éagsúla TFC deiseanna ar fáil atá ag teacht le creatlach Scileanna Digiteacha CCEA.

Is iad seo catagóirí na nGnéithe Inmhianaithe nuashonraithe do na bunscoileanna:

- Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú
- Ealaín agus Dearadh Digiteach
- Fuaim Dhigiteach: Ceol agus Fuaim
- Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan
- Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht
- Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht
- Bainistiú Sonraí

Na Gnéithe Inmhianaithe a úsáid leis na 5 Riachtanas a chlúdach

Ní gá duit gach cineál TFC a theagasc do do chuid daltaí. Caithfidh tú, áfach, a chinntiú go gclúdaítear na 5 Riachtanas i ngach bliainghrúpa sa bhunscoil. Déan cinnte de go mbíonn eispéiris chuí ag na daltaí sna Scileanna Digiteacha le go mbeidh siad in ann scileanna a fhorbairt i réimse de na catagóirí seo.

Is féidir na riachtanais le haghaidh Úsáid TFC a chomhlíonadh trí na Gnéithe Inmhianaithe, ag brath ar an dóigh a ndéanann tú ceachtanna a phleanáil agus a chur i láthair.

Tá dhá ráiteas i gceist le **Fiosrú**.

Fiosrú 1

Baineann sé le faisnéis a chuardach, a aimsiú, a roghnú agus a úsáid. Má dhéanann tú pleanáil chuí, beidh tú in ann an riachtanas seo a chlúdach trí chatagóir ar bith de chuid na nGnéithe Inmhianaithe.

Fiosrú 2

Baineann sé le daltaí a bheith ag baint úsáid as uirlisí digiteacha le fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach. Is féidir seo a chlúdach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú agus/nó Bainistiú Sonraí.

Cur in iúl

Baineann sé seo le daltaí a bheith cruthaitheach agus a gcuid smaointe a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir seo a chlúdach trí Scéalaíocht Dhigiteach (Scannánaíocht agus Beochan, Láithreoireacht agus Foilsitheoireacht), nó trí Ealaín agus Dearadh Digiteach agus/nó Fuaim Dhigiteach: Ceol agus Fuaim.

Malartú

Baineann sé seo le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ar líne le smaointe a roinnt agus a fhorbairt. Le **Malartú** a chlúdach trí cheann ar bith de na cineálacha éagsúla TFC, is féidir pleanáil le huirlis chomhoibrithe ar líne a úsáid le deiseanna fiúntacha a chur ar fáil, mar shampla:

- físchomhdháil;
- ríomhphoist;
- blagáil;
- fóram plé a úsáid le smaointe a roinnt;
- úsáid a bhaint as feidhm ar líne, mar shampla tráchtaireacht, le trácht a scríobh ar obair daoine eile;
- comhoibriú ar dhoiciméad roinnte;
- ábhar ar líne a chruthú le chéile;
- obair a roinnt i dTimpeallacht Foghlamtha Fíorúil (*VLE*);
- Néal a úsáid le hobair a stóráil, a eagrú, a chur i gcrích, a roinnt agus a chur isteach; agus
- ábhair ar nós íomhánna nó gníomhaíochtaí scríofa a roinnt le spriocghrúpa níos leithne.

Luacháil

Bíonn na daltaí ag smaoineamh ar an dóigh a ndéanann agus/nó a ndearna siad gníomhaíocht. Bíonn siad ag díriú ar phróiseas agus ar thoradh gníomhaíochta agus ar an dóigh a dtiocfadh leo feabhas a chur orthu sin. Ba chóir gné den **Luacháil** a bheith i ngach cineál TFC. I ngníomhaíochtaí a bhfuil fócas láidir fadhbréitigh leo, ar nós Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú agus Bainistiú Sonraí, bíonn ar dhaltaí **Luacháil** a dhéanamh ar an méid atá siad a dhéanamh agus iad ag smaoineamh faoi cé chomh héifeachtach agus cé chomh héifeachtúil agus atá a modh oibre.

Taispeáint

Baineann sé seo le hobair a bhainistiú agus a thaispeáint go digiteach. Tá réimse gníomhaíochtaí i gceist: na daltaí a bheith ag cur i gcló nó ag sábháil a gcuid oibre, mar shampla, nó comhaid agus fillteáin dhigiteacha a eagrú agus a chothabháil. Ba chóir duit a chinntiú go mbíonn **Taispeáint** mar chuid de ghníomhaíocht TFC ar bith.

I dtaca le gach cineál Úsáid TFC, tá sé tábhachtach dea-shamplaí oibre san fhíorshaol a thaispeáint do na daltaí. D'fhéadfaí, mar shampla, éisteacht le saothar ceoil in Fuaim Dhigiteach nó amharc ar ghearrthóga scannáin nó beochana le struchtúr an scéil a fhiosrú.

Cóipcheart

I ngníomhaíochtaí cruthaitheacha TFC, bíonn daltaí ag baint úsáid as ábhair, amhail íomhánna agus comhaid fuaime, ó réimse d'fhoinsí éagsúla. Ba cheart duit a chinntiú nach bhfuil cóipcheart i gceist le cuid ar bith de na híomhánna a chuireann tú ar fáil do na daltaí. De réir mar a bhogann na daltaí suas na leibhéil, beidh siad ag aimsiú ábhar iad féin agus ba cheart dóibh bheith ar an eolas faoi chúrsaí cóipchirt agus gan ach ábhar cuí a úsáid.

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Is é atá i gceist le **Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú** ná, daltaí ag cur isteach treoracha nó orduithe le tabhairt ar ríomhaire fadhbanna a réiteach. Dearadh Idirghníomhach a thugtaí ar an chineál seo TFC. Ag na leibhéil ísle, bíonn daltaí ag stiúradh gléasanna ar nós Bee-Bot nó Sphero agus ag fiosrú timpeallachtaí digiteacha ar nós Scratch Jr nó Kodable. De réir mar a bhogann siad suas na leibhéil, tosaíonn siad ar fhadhbanna níos casta a réiteach agus ar chláir idirghníomhacha a chruthú, agus iad ag baint úsáid níos éifeachtúla as orduithe códaithe in Logo nó in aipeanna blocbhunaithe nó i dtimpeallachtaí ar nós Scratch, Tynker nó Hopscotch.

De réir mar a bhogann siad suas na leibhéil, forbraíonn siad scileanna fadhbréitigh atá tábhachtach don chineál seo d'Úsáid TFC. Ina measc, tá treoracha a scríobh le gníomh a chur i gcrích (algartam), a aithint cad chuige nár oibrigh treoracha nó orduithe faoi leith agus iad a chóiriú (dífhabhtú), tionscadail nó fadhbanna a bhriseadh ina gcodanna beaga (miondealú) agus réasúnaíocht loighciúil a úsáid lena thuar cad é a tharlóidh má chuireann siad ordú nó sraith orduithe isteach i dtionscadal códaithe.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- sraitheanna treoracha a chruthú fá choinne gníomhaíochtaí simplí, mar shampla arán rosta a dhéanamh nó bróga a athrú, le dul i dtaithí ar choincheap an algartaim;
- cluichí nó aipeanna idirghníomhacha a fhiosrú, agus iad ag brú nó ag cliceáil ar chnaipí nó ar íomhánna éagsúla ar an scáileán, le torthaí éagsúla a fháil;
- orduithe simplí a úsáid le gléas nó timpeallacht dhigiteach a fhiosrú, mar shampla, i ndiaidh plé, orduithe a úsáid le Bee-Bot a bhogadh nó an aip SpheroEdu a úsáid le bealach a tharraingt a bheidh le leanúint ag róbat Sphero;
- orduithe atá ann cheana in aip chódaithe ar nós Scratch Jr nó Kodable a úsáid le sprid a bhogadh, a cuma a athrú nó treo a athrú;
- bloic ghluaiseachta agus bloic radhairc nó fuaime i mbogearraí códaithe ar nós Scratch nó code.org a úsáid le sprid a rialú;
- le cuidiú ón mhúinteoir, a aithint cad chuige nár oibrigh treoracha nó orduithe faoi leith agus iad a chóiriú (a dhífhabhtú);
- labhairt faoina bhfuil déanta acu; agus
- a gcuid oibre a shábháil le cuidiú ón mhúinteoir.

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 2

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail shimplí chódaithe;
- a thuiscint gur féidir gníomhaíocht ar bith (códú san áireamh) a bhriseadh ina codanna beaga (miondealú); agus
- an rud atá le tarlú i dtionscadal códaithe a phleanáil agus sraith treoracha (algartam) a scríobh fána choinne.

Gléasanna in-ríomhchláraithe

Ba chóir do dhaltaí:

- a n-algartam agus a réasúnaíocht loighciúil a úsáid le Bee-Bot, Sphero nó róbat Dash and Dot a bhogadh chuig áit áirithe;
- labhairt faoi cad chuige nár oibrigh treoracha nó orduithe faoi leith agus iad a chóiriú (a dhífhabhtú), i mbeirteanna nó i ngrúpaí;

nó

Turtar ar an scáileán, Logo nó Minecraft

- a n-algartam agus a réasúnaíocht loighciúil a úsáid le tabhairt ar an turtar nó ar ghníomhaí Minecraft bealach ar leith a leanúint;
- labhairt faoi cad chuige nár oibrigh treoracha nó orduithe faoi leith agus iad a chóiriú (a dhífhabhtú), i mbeirteanna nó i ngrúpaí;

nó

Aipeanna nó bogearraí códaithe atá blocbhunaithe

- a n-algartam agus a réasúnaíocht loighciúil a úsáid le réimse d'orduithe gluaiseachta, radhairc agus fuaime a chódú le sprid a rialú; agus
- labhairt faoi cad chuige nár oibrigh treoracha nó orduithe faoi leith agus iad a chóiriú (a dhífhabhtú), i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ar deireadh

Ba chóir do dhaltaí:

- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil in áit áirithe (más aip nó bogearraí atá in úsáid), agus a bheith ábalta teacht uirthi agus í a oscailt arís;
- uirlisí digiteacha a úsáid lena gcuid oibre a roinnt, más cuí, le cuidiú ón mhúinteoir; agus
- a gcuid oibre a thaispeáint agus labhairt leis an mhúinteoir faoin rud a rinne siad agus faoi dhóigheanna a dtiocfadh leo í a fheabhsú.

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 3

Ba chóir do dhaltaí:

- tionscadal códaithe a chruthú ar nós cluiche nó beochan in Scratch (nó bogearraí den chineál chéanna), patrún nó cruth a dhéanamh nó bealach a leanúint in Logo.

Gléasanna in-ríomhchláraithe (ar nós Pro-bot, Blue-Bot, Parrot Drone nó Sphero)

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe ina mbaintear úsáid as gluaiseacht, luas, treo agus lúbanna;
- labhairt faoi na gnéithe éagsúla atá i gceist leis na tionscadail seo agus an tasc mór a bhriseadh ina thascanna beaga soláimhsithe (miondealú);
- an rud atá le tarlú ina dtionscadal códaithe féin a phleanáil, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, agus a réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid, gluaiseacht le treo agus luas, agus orduithe solais nó fuaime san áireamh;
- an cód a fheabhsú le go mbeidh sé níos éifeachtúla, agus orduithe rialaithe lúibe in úsáid, mar shampla;
- an clár a thástáil, a chinntiú go bhfuil na horduithe loighciúil agus earráidí ar bith a dhífhabhtú go rialta;

nó

Turtar ar an scáileán nó Logo

- amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe, ina mbaintear úsáid as sraitheanna orduithe agus as an ordú athdhéan;
- an rud atá le tarlú ina dtionscadal códaithe féin a phleanáil, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, agus a réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid, gluaiseacht le treo agus luas, agus orduithe solais nó fuaime san áireamh;
- an cód a fheabhsú le go mbeidh sé níos éifeachtúla, agus orduithe rialaithe lúibe in úsáid, mar shampla;
- an clár a thástáil i ndiaidh gach céime, a chinntiú go bhfuil na horduithe loighciúil agus earráidí ar bith a dhífhabhtú;

nó

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 3

Aipeanna nó bogearraí atá blocbhunaithe

- amharc ar shamplaí de thionscadail chódaithe, ina mbaintear úsáid as gluaiseacht, cuma, cultacha, brath, rialú agus imeachtaí;
- labhairt faoi na gnéithe éagsúla atá i gceist leis na tionscadail seo, mar shampla plota, carachtar, gníomh, suíomh, cúlra agus stáitse;
- an rud atá le tarlú ina dtionscadal códaithe féin a phleanáil, mar shampla scéalchlár a úsáid lena oibriú amach cad é a bheidh ar chodanna éagsúla den chlár a dhéanamh, agus réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid i gclár, orduithe truiceartha san áireamh, is é sin nuair a bhruitear an spásbharra nó cnaipe, nuair a chliceáiltear rud ar leith, nuair a chliceálitear ar an bhrat ghlas in Scratch nó nuair a chroitear gléas;
- an cód a fheabhsú le go mbeidh sé níos éifeachtúla, agus ordú athdhéan in úsáid; agus
- an clár a thástáil i ndiaidh gach céime, a chinntiú go bhfuil na horduithe loighiciúil agus earráidí ar bith a dhífhabhtú.

Ar deireadh

Ba chóir do dhaltaí:

- a gcuid oibre a shábháil faoi chomhadainm i bhfillteán áirithe, nó más aip atá in úsáid, í a shábháil san áit a deir an múinteoir;
- a gcuid oibre a roinnt leis an mhúinteoir nó le daoine eile agus plé a dhéanamh ar dhóigheanna lena fheabhsú (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid le tráchtaireacht a dhéanamh ar obair agus le freagra a thabhairt ar aiseolas); agus
- na hathruithe atá de dhíth a dhéanamh agus an obair a shábháil arís.

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 4

Ba chóir do dhaltaí:

- tionscadal códaithe níos sofaisticiúla a chruthú agus iad ag baint úsáid as réimse leathan d'orduithe; agus/nó
- fadhb ar leith a réiteach agus iad ag baint úsáid as orduithe i dtimpeallacht ríomhchláraithe.

Gléasanna in-ríomhchláraithe (ar nós Parrot Drone, MicroBit nó Sphero)

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe ina mbaintear úsáid as gluaiseacht, radhairc, soilse nó fuaimeanna, braiteoirí, rialú, agus teagmhais amhail 'if...then' agus 'loop until' (nó a gcomhionann) a fhágann go bhfuil an cód níos éifeachtúla;
- a thuiscint go bhfuil gnéithe éagsúla i gceist leis na tionscadail seo agus an tasc a bhriseadh ina thascanna beaga soláimhsithe (miondealú);
- a dtionscadal códaithe féin a phleanáil agus a chur ar scéalchlár i ngrúpaí beaga, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth dá n-algartam a phlé agus a chur i gcomparáid, agus an toradh a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid le tionscadal a chruthú, orduithe truiceartha ar nós 'if...then' agus 'loop until' san áireamh, le modh idirghníomhaithe níos éifeachtúla a éascú;
- tástáil agus dífhabhtú a dhéanamh go rialta agus a bheith ag obair le daoine eile le fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn;

nó

Turtar ar an scáileán nó Logo

- amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail ina mbaintear úsáid as gnáis;
- a aithint cad é mar a thiocfadh leo tionscadail den chineál sin a mhiondealú;
- a dtionscadal códaithe féin a phleanáil ar bhonn aonair nó i mbeirteanna, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth dá n-algartam a phlé agus a chur i gcomparáid, agus an toradh a thuar;
- tionscadal a chruthú ina mbeidh orthu cód níos éifeachtúla amhail gnás a úsáid;
- tástáil agus dífhabhtú a dhéanamh go rialta agus a bheith ag obair le daoine eile le fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn;

nó

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 4

Bogearraí atá blocbhunaithe (Scratch 3.0 nó a chomhionann)

- mar rang, amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe ina mbaintear úsáid as gluaiseacht, cuma, feistis, brath, rialú, agus teagmhais ar nós 'craol' agus 'nuair a fhaighim' (nó a gcomhionann), teagmhais a fhágann go mbíonn an cód níos éifeachtúla;
- a aithint cad é mar a thig leo tionscadail den chineál sin a mhiondealú ina gcodanna éagsúla den chlár, mar shampla plota, carachtar, gníomhartha, suíomh, cúlra, stáitse, scóráil, amadóir agus líon saolta;
- a dtionscadal códaithe féin a phleanáil agus a chur ar scéalchlár i ngrúpaí beaga, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, réasúnaíocht loighiciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth dá n-algartam a phlé agus a chur i gcomparáid, agus an toradh a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid le tionscadal a chruthú, orduithe truiceartha ar nós 'craol' agus 'nuair a fhaighim' ina measc, orduithe a fhágann gur féidir le scripteanna leanúint trasna sprideanna agus cúlraí éagsúla le modh idirghníomhaithe níos éifeachtúla a éascú; agus
- tástáil agus dífhabhtú a dhéanamh go rialta agus a bheith ag obair le daoine eile le fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ar deireadh

Ba chóir do dhaltaí:

- a gcuid oibre a roinnt (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid), freagra a thabhairt ar aiseolas, agus tráchtaireacht a dhéanamh ar obair daoine eile; agus
- comhaid a eagrú agus agus obair a easpórtáil i bhformáid chuí le go mbeidh daoine eile ábalta amharc uirthi.

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 5

Ba chóir do dhaltaí:

- tionscadail chódaithe níos sofaisticiúla a chruthú agus iad ag baint úsáid as réimse leathan orduithe agus as níos mó ná ardán amháin; agus
- fadhb atá níos casta a réiteach agus iad ag baint úsáid as orduithe i dtimpeallacht ríomhchláraithe.

Gléasanna in-ríomhchláraithe (ar nós Parrot Drone, MicroBit nó Sphero)

Ba chóir do dhaltaí:

- mar rang, amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe ina mbaintear úsáid as roinnt orduithe 'if...then' agus 'if...then...else', athróga, braiteoirí, teagmhais, oibritheoirí agus comparadóirí san áireamh;
- a aithint cad é mar a thig leo tionscadail den chineál sin a mhiondealú;
- a dtionscadal códaithe féin a phleanáil i ngrúpaí beaga, agus iad ag léiriú tuiscint shoiléir ar aidhm an tionscadail agus ar an spriocghrúpa, a léiriú go dtuigeann siad teibíocht agus iad ag déanamh cinntí faoi na mionsonraí atá agus nach bhfuil de dhíth, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, agus réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth dá n-algartam a phlé agus a chur i gcomparáid, agus an toradh a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid le tionscadal a chruthú, oibritheoirí agus ráitis rialúchán ar nós 'if...then' chomh maith le 'if..then...else' agus comparadóirí san áireamh;
- tástáil agus dífhabhtú a dhéanamh go rialta agus a bheith ag obair le daoine eile le fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn;

nó

Turtar ar an scáileán nó Logo

- amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe ina mbaintear úsáid as gnáis leabaithe agus labhairt fúthu;
- a aithint cad é mar a thig leo tionscadail den chineál sin a mhiondealú;
- a dtionscadal códaithe féin a phleanáil ar bhonn aonair nó i mbeirteanna, a léiriú go dtuigeann siad teibíocht agus iad ag déanamh cinntí faoi na mionsonraí atá agus nach bhfuil de dhíth, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, agus réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth dá n-algartam a phlé agus a chur i gcomparáid, agus leis an toradh a thuar;
- tionscadal a chruthú ina bhfuil gnáis leabaithe de dhíth;
- tástáil agus dífhabhtú a dhéanamh go rialta agus a bheith ag obair le daoine eile le fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn;

nó

Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil agus Códú

Leibhéal 5

Bogearraí atá blocbhunaithe (Scratch 3.0 nó a chomhionann)

- mar rang, amharc agus plé a dhéanamh ar shamplaí de thionscadail chódaithe ina mbaintear úsáid as roinnt orduithe 'craol' agus 'nuair a fhaighim', athróga, sonraí, oibritheoirí agus ráitis rialúchán ar nós 'más...ansin' san áireamh;
- a aithint cad é mar a thig leo tionscadail den chineál sin a mhiondealú;
- a dtionscadal códaithe féin a phleanáil i ngrúpaí beaga, agus iad ag léiriú tuiscint shoiléir ar aidhm an tionscadail agus ar an spriocghrúpa, a léiriú go dtuigeann siad teibíocht agus iad ag déanamh cinntí faoi na mionsonraí atá agus nach bhfuil de dhíth, a oibriú amach cad é a bheidh ar na codanna éagsúla den chlár a dhéanamh, agus réasúnaíocht loighciúil a úsáid leis na horduithe a bheidh de dhíth dá n-algartam a phlé agus a chur i gcomparáid, agus an toradh a thuar;
- réimse d'orduithe a úsáid le tionscadal a chruthú, oibritheoirí agus ráitis rialúchán ar nós 'más...ansin' chomh maith le roinnt orduithe 'craol' agus 'nuair a fhaighim' nó orduithe leabaithe leabaithe 'craol' agus 'nuair a fhaighim' san áireamh; agus
- tástáil agus dífhabhtú a dhéanamh go rialta agus a bheith ag obair le daoine eile le fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ar deireadh

Ba chóir do dhaltaí:

- a gcuid oibre a roinnt (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid), freagra a thabhairt ar aiseolas, agus tráchtaireacht a dhéanamh ar obair daoine eile agus iad ag déanamh luachála ar an phróiseas agus ar an toradh; agus
- comhaid a eagrú agus obair a fhoilsiú ar líne (más cuí) le go mbeidh daoine eile ábalta amharc uirthi.

Ealaín agus Dearadh Digiteach

Ag Obair le hÍomhánna a thugtaí ar **Ealaín agus Dearadh Digiteach**. Baineann sé le TFC a úsáid in Ealaín agus Dearadh. Cruthaíonn daltaí ealaín dhigiteach mar saothair ealaíne féin nó cruthaíonn siad léaráid is féidir a úsáid i dtáirgí digiteacha eile ar nós scéal digiteach. De réir mar a théann siad suas na leibhéil, forbraíonn daltaí a gcuid scileanna maidir le grianghraif a thógáil agus líníochtaí, pictiúir nó colláisí digiteacha a chruthú. Bíonn níos mó éagsúlachta ina stór focal agus iad ag cur síos ar a gcuid oibre. Ag na leibhéil is airde, faigheann siad tuiscint ar an dóigh le pointí fócais a úsáid i gcomhdhéanamh grianghraf nó baineann siad triail as sraitheanna a úsáid in aip ealaíne digití ar nós Brushes.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar shamplaí d'íomhánna agus de shaothair fhótagrafacha ealaíne, freagairt dóibh agus labhairt fúthu, agus tosú a smaoineamh faoi ghnéithe ealaíne ar leith amhail dath, cruth nó uigeacht;
- le cuidiú ón mhúinteoir, ábhar a ngrianghraf a fhrámú agus a ndícheall a dhéanamh grianghraf a thógáil le lámh shocair ar an ghléas dhigiteach;
- le cuidiú ón mhúinteoir, athbhreithniú a dhéanamh ar an seat agus cinneadh a dhéanamh ar chóir an grianghraf a thógáil arís;
- le cuidiú ón mhúinteoir, grianghraif a thógáil le táibléad nó le ceamara le bailiúchán d'íomhánna atá fóirsteanach do phlé ranganna nó dúshlán a fhreagairt, mar shampla, dath, cruth nó uigeacht ar leith a aimsiú agus amharc air ar scáileán;
- úsáid a bhaint as bogearraí nó aip lena saothar ealaíne féin a chruthú, is féidir a bheith 3T, ag fiosrú uirlisí amhail an peann luaidhe, scuab péinte, greamáin agus stampa, úsáid a bhaint as an chnaipe cealaigh fosta;
- úsáid a bhaint as teanga amhairc le cur síos a dhéanamh ar a gcuid íomhánna agus iad ag caint faoina gcuid oibre, mar shampla na dathanna, cruthanna agus uigeacht i rud éigin cruthaithe acu nó mar ábhar ghrianghraif; agus
- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil nó a easpórtáil.

Leibhéal 2

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar, barúil a thabhairt faoi agus plé a dhéanamh ar shamplaí d'íomhánna agus saothair fhótagrafacha ealaíne, smaoiniú ar ghnéithe áirithe den ealaín amhail dath, líne, cruth, foirm, spás agus uigeacht nó patrún;
- grianghraif a thógáil le méid áirithe smachta agus aird acu ar an fhrámú (mar shampla an t-ábhar iomlán a thógáil sa ghrianghraf) agus fócas;
- an seat a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chóir é a thógáil arís;
- úsáid a bhaint as bogearraí le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid grianghraf agus/nó le híomhánna eile curtha ar fáil ag an mhúinteoir agus más mian leo eagarthóireacht a dhéanamh ag baint úsáid as uirlisí taobh istigh den bhogearraí mar shampla, an íomhá a bhearradh nó scagaire nó maisíocht a chur leis;

Ealaín agus Dearadh Digiteach

Leibhéal 2

- úsáid a bhaint as bogearraí nó aip lena saothar ealaíne a chruthú, is féidir saothar ealaíne 3T a chruthú, ag baint úsáid as níos mó smachta agus réimse níos leithne d'uirlisí amhail líonadh, dealbhú agus maisíochtaí speisialta; tosú ag smaoineamh faoi ghnéithe ealaíne amhail dath, líne, cruth, foirm, spás agus uigeacht nó patrún;
- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil chuig láthair áirithe agus fios a bheith acu ar an dóigh le teacht uirthi agus a hoscailt arís;
- a gcuid oibre a roinnt agus athbhreithniú a dheanamh uirthi (ag baint úsáid as gléasanna ar líne más cuí) agus labhairt faoina rinne siad agus feabhsaithe a thiocfadh leo a dhéanamh.

Leibhéal 3

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar, barúil a thabhairt faoi agus plé a dhéanamh ar shamplaí d'íomhánna agus saothair fhótagrafacha ealaíne, tosú ag smaoineamh faoi na gnéithe ealaíne uilig;
- grianghraif a thógáil le níos mó smachta (úsáid a bhaint as an cheamara le lámh shocair agus i bhfócas) ag taispeáint tuisceana ar an dóigh lena seat a chumadh, mar shampla, ábhar suime a aimsiú agus cinneadh a dhéanamh ar an dóigh lena chur sa fhráma, ag cinntiú nach bhfuil an cúlra trangláilte nó ina chur isteach;
- a thuiscint go bhfuil siad ábalta seatanna a thógáil ó uillinneacha difriúla, (ag cothrom na súl, ard agus íseal), agus go dtig leo dul go cóngarach le seat gar-amhairc a thógáil nó seasamh siar le seat leathan a thógáil;
- dul isteach, íomhánna a roghnú agus a iompórtáil ó réimse foinsí amhail ceamara, an t-idirlíon agus/nó a gcuid saothar ealaíne féin scanta nó grianghraf tógtha ag an mhúinteoir, ag déanamh scálú ar na híomhánna sa chóimheas cheart más cuí trí tharraingt a dhéanamh ar hanlaí coirnéil na híomhá amháin;
- saothar digiteach ealaíne chruthú, is féidir leis a bheith 3T, ag baint úsáid as uirlisí cuí agus rogha uirlisí amhail méid, dath, peann luaidhe, scuab péinte, péint, líonadh, maisíochtaí speisialta, cúlbhrat agus/nó roghanna athdhéan ag smaoineamh faoi ghnéithe na healaíne amhail dath, líne, dealbhú, foirm, spás agus uigeacht nó patrún;
- a gcuid oibre a roinnt le duine (is féidir úsáid a bhaint as gléas digiteach ar líne le trácht a fhágáil ar obair déanta ag daoine eile agus freagra a thabhairt ar aiseolas leo féin);
- smaoiniú ar an aiseolas tugtha agus feabhsaithe a dhéanamh más gá; agus
- comhadainmneacha a úsáid lena shábháil chuig fillteán áirithe, nó má tá aip in úsáid, a easpórtáil chuig láthair ainmnithe ag an mhúinteoir.

Ealaín agus Dearadh Digiteach

Leibhéal 4

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar, barúil a thabhairt faoi agus plé a dhéanamh ar shamplaí d'íomhánna agus saothair fhótagrafacha ealaíne ag déanamh machnaimh ar theanga amhairc ina bhfuil gnéithe ealaíne;
- grianghraif a thógáil le smacht ag taispeáint breis tuisceana ar an dóigh lena seat a chumadh, mar shampla, ábhar suime a aimsiú agus cinneadh a dhéanamh ar an dóigh lena chur san fhráma, cinntiú nach bhfuil an cúlra trangláilte nó ina chur isteach, smaoiniú ar riail na dtrianta, peirspictíoch a roghnú a thaitníonn leo;
- eagar a chur ar íomhánna lena bhfeasú, mar shampla scagaire a chur leo, an codarsnacht a athru nó an méid a athru go comhréireach;
- píosa ealaíne digiteach a chruthú le smacht idir a saothar ealaíne féin nó íomhánna scanta, grianghraif, nó stadáin scannáin srl., fá choinne lucht féachana nó aidhm ar leith, ag ceangail oibre ó aipeanna nó bogearraí difriúla leis an toradh is fearr a fháil, úsáid a bhaint as brait nó píosa ealaíne 3T a chruthú ag baint úsáid as uirlisí agus roghanna cuí, ag smaoiniú ar ghnéithe na healaíne;
- a gcuid oibre a roinnt le duine (is féidir úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha le tráchtaireacht a dhéanamh ar obair daoine eile agus freagra a thabhairt ar aiseolas leo féin); agus
- an saothar ealaíne a shábháil agus a easpórtáil san fhormáid chuí comhaid.

Leibhéal 5
Ag tógáil ar leibhéil roimhe

Ba chóir do dhaltaí:

- freagairt ag smaoiniú go criticiúil faoi íomhánna agus saothair fhótagrafacha ealaíne ag déanamh machnaimh ar theanga amhairc, gnéithe na healaíne ina measc;
- pleanáil a dhéanamh agus saothar digiteach ealaíne atá níos casta a chruthú ag baint úsáid as réimse uirlisí agus maisíochtaí ar bhogearraí íomhá, (má tá bogearraí cuí ar fáil), saothar ealaíne 3T a dhearbhú agus a chruthú, ag taispeáint aidhm dhírithe agus shoiléir agus fá choinne lucht féachana ar leith agus machnamh a dhéanamh ar theanga amhairc, gnéithe na healaíne ina measc;
- tuiscint ar thaifeach íomhá a léiriú agus iad ag cruthú shaothar ealaíne dhigití agus ag iompórtáil íomhánna;
- úsáid a bhaint as réimse gnéithe agus teicnící le hobair a fheabhsú;
- a bheith eolach ar rialacha cóipchirt agus tagairt a dhéanamh d'fhoinsí cuí;
- saothar ealaíne a shábháil agus a easpórtáil san fhormáid chuí comhaid amhail .jpg, .gif nó png fá choinne grafaice giotánmhapaí, .pdf, .svg nó .eps fá choinne íomhánna veicteora, nó fá choinne obair 3T a chur chuig clódóir 3T, ag baint úsáid as formáidí .stl or .obj.; agus
- plé leis an mhúinteoir nó páistí eile le linn an phróisis agus aiseolas a fhreagairt faoin obair (má tá sé ar fáil, is féidir é seo a dhéanamh le huirlis chomhoibríoch amhail Fronter nó ar fhóram ar líne).

Fuaim Dhigiteach: Ceol agus Fuaim

Is í seo nuair a dhéanann páistí fuaim agus/nó ceol a aimsiú, cruthú, taifeadadh agus a chur in eagar, mar shampla maisíochtaí fuaime dá scéal digiteach, podchraoladh nó seó raidió, taifeadadh ar léiriú ceoil, fuaimrian fá choinne scannáin nó beochana, nó a saothar digiteach ceoil úrnua féin. De réir mar a théann siad suas na leibhéil, cruthaíonn siad comhaid fuaime atá níos casta, tríd úsáid a bhaint as ilrianta, leibhéal fuaime a leibhéalú agus úsáid maisíochtaí cuí a léiriú.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- éisteacht le réimse fuaimeanna digiteacha, iad a aithint agus labhairt fúthu, mar shampla fuaimeanna ón chlós súgartha, fuaimeanna tráchta;
- fiosrú a dhéanamh agus idirghníomhú ar ghléas digiteach, mar shampla cliceáil ar íomhánna agus oibiachtaí, agus úsáid a bhaint as uirlisí ceoil fíorúla i mbogearraí/aip fuaime lena gceol agus fuaimeanna féin a chruthú;
- le cuidiú, taifead fíor-ama le micreafón USB, taibléad nó ríomhaire a dhéanamh ar ghuth, ar léiriú ceoil nó maisíochtaí fuaime fá choinne scéal ranga;
- a gcuid oibre digití a roinnt agus labhairt fúithi le duine eile; agus,
- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil.

Leibhéal 2

Ba chóir do dhaltaí:

- éisteacht le réimse fuaimeanna nó ceol, lena dtuiscint ar ghnéithe fuaime amhail ardairde agus ísealairde, dinimic ghlórach nó bhog, luas gasta nó mall, a fhorbairt;
- fiosrú a dhéanamh agus idirghníomhú ar ghléas digiteach, mar shampla cliceáil ar íomhánna agus oibiachtaí i mbogearraí fuaime nó aip fuaime lena gcuid ceoil nó fuaimeanna a chruthú nó fuaimdhreach a chruthú fá choinne scéil, gnáthamh nó eachtra, mar shampla úsáid a bhaint as sraith íomhánna nó lúbanna; agus
- le cuidiú ón mhúinteoir, eagarthóireacht shimplí a dhéanamh, mar shampla comhaid fuaime a chóipeáil agus a ghreamú le haithris a dhéanamh ar shraith ina dtionscadal;
- fios a bheith acu gur féidir fuaimeanna digiteacha a ionramháil, mar shampla, airde nó láine fuaimeanna a athrú san aip/bogearraí a bhfuil siad ag baint úsáid as;
- úsáid a bhaint as téarmaí amhail airde (fuaimeanna arda agus ísle), luas (gasta nó mall) agus aisfhuaimniú (macalla) agus iad a thuiscint.
- le breis neamhspleáchais, taifead fíor-ama le micreafón USB, taibléad nó ríomhaire a dhéanamh ar ghuth, léiriú ceoil nó fuaimeanna;
- tástáil a dhéanamh ar úsáid mhaisíochtaí fuaime ina mbogearraí/aip lena dtaifeadtaí a athrú, mar shampla fuaim níos airde nó níos ísle a thabhairt do ghuth, an tempo a athrú (níos gasta nó fadálaí) le go dtiocfaidh an fhuaim ó áiteanna difriúla*;
- a gcuid oibre digití a roinnt le duine eile agus labhairt fúithi; agus,
- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil.

* Beidh castacht an ghnímh seo ag brath ar cén bogearraí/aip a mbaintear úsáid as. Beidh páistí a bhaineann úsáid as Garageband nó Chrome Music Lab ábalta seo a dhéanamh ag an leibhéal seo. Ag an leibhéal seo, áfach, tá sé níos casta úsáid a bhaint as Audacity más ag obair go neamhspleách atá siad.

Fuaim Dhigiteach: Ceol agus Fuaim

Leibhéal 3

Ba chóir do dhaltaí:

- éisteacht le samplaí dd'fhuaimdhreacha, gearrthóga ceoil nó podchraoltaí agus gnéithe a shainaithint amhail:
  - » an tempo, airde, dinimic, atmaisféar dd'fhuaimdhreach nó píosa ceoil; nó
  - » na gnéithe a chomhdhéanann podchraoladh amhail struchtúr (tús, lár, deireadh), fad, guthú, maisíochtaí fuaime, atmaisféar (tabhair faoi deara tábhacht an atmaisféir in obair fhuaime mar nach bhfuil leideanna físigh ann);
- fuaimdhreach nó saothar digiteach ceoil a phleanáil agus a chruthú le huirlisí fíorúla nó tionscadal simplí i stíl an phodchraolta ag baint úsáid as aon fhuaimshraith amháin (aon rian amháin);
- píosa ceoil gairid nó obair fhuaime a chruthú agus eagarthóireacht shimplí a dhéanamh air, mar shampla úsáid a bhaint as Audacity, nó bogearraí cosúla, le comhad fuaime a bhearradh nó úsáid a bhaint as GarageBand le píosa ceoil a chumadh ag baint úsáid as lúbanna réamhbheitheacha, uirlisí fíorúla agus/nó taifeadtaí fuaime;
- a bhfuaimeanna a láimhsiú le cuspóir an tionscadail a shásamh, mar shampla, airde nó láine na bhfuaimeanna a athrú agus obair le tempo le hatmaisféar a chruthú;
- úsáid a bhaint as comhadainmneacha le sábháil chuig fillteán áirithe, nó más ag baint úsáid as aip, an obair a shábháil agus le cuidiú ón mhúinteoir, í a easpórtáil i bhformáid chuí mar shampla comhad fuaime amhail .mp3 chuig áit sonraithe ag an mhúinteoir; agus
- ina ngrúpa, éisteacht lena dtionscadal agus plé a dhéanamh ar dhóigheanna lena bhfeabhsú, cibé athraithe atá aontaithe a dhéanamh agus a shábháil arís.

Leibhéal 4

Ba chóir do dhaltaí:

- éisteacht le samplaí d'fhuaimdhreacha, gearrthóga ceoil nó podchraoltaí agus gnéithe a shainaithint amhail:
  - » úsáid a bhaint as breis agus rian amháin (sraitheanna), an tempo, airde, dinimic, atmaisféar de fhuaimdhreach nó píosa ceoil; nó
  - » na gnéithe a chomhdhéanann podchraoladh amhail struchtúr (tús, lár, deireadh), úsáid de bhreis agus rian amháin (sraitheanna), guthú, agallaimh, fuaimrian taca nó ciseal fuaime, fad, maisíochtaí fuaime nó atmaisféar;
- pleanáil a dhéanamh, scéal a chur ar chlár agus fuaimdhreach, saothar digiteach ceoil le huirlisí fíorúla nó tionscadal simplí i stíl an phodchraolta a chruthú, ag baint úsáid as breis agus sraith amháin (rian) a nascann comhaid fuaime ó réimse foinsí;
- ceol nó gearrthóga fuaime a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu le húsáid a bhaint astu ina dtionscadal, smaoineamh ar an dóigh leis na fuaimeanna seo a láimhsiú leis an lucht éisteachta agus cuspóir an táirge a shásamh;
- úsáid a bhaint as téarmaíocht fhuaime agus ceoil agus iad ag déanamh athbhreithnithe agus eagarthóireachta ar a gcuid oibre, mar shampla, rian, sraith, cóiriú, deighlit, gearr, bearr, aisfhuaimniú, tempo agus dinimic;

Fuaim Dhigiteach: Ceol agus Fuaim

Leibhéal 4

- cinntí eagarthóireachta soiléire a dhéanamh, mar shampla cinneadh a dhéanamh faoin rud le cur san áireamh agus le fágáil ar lár le linn an phróisis eagarthóireachta;
- a dtáirge fuaime a thaispeáint do ghrúpa eile, plé a dhéanamh air agus a athrú ag baint úsáid as uirlisí eagarthóireachta; agus
- obair shábháilte a eagrú agus a easpórtáil i bhformáid chuí amhail .mp3 nó a uaslódáil chuig an scamall le go mbeidh daoine eile ábalta éisteacht léi.

Leibhéal 5

Ba chóir do dhaltaí:

- éisteacht le samplaí de fhuaimdhreacha, gearrthóga ceoil nó podchraoltaí ábhartha agus gnéithe a shainaithint amhail:
  - » úsáid a bhaint as breis agus rian amháin (sraitheanna), an tempo, airde, dinimic, tréithe de sheánraí difriúla ceoil nó fuaimdhreacha; nó
  - » na gnéithe a chomhdhéanann podchraoladh amhail struchtúr (tús, lár, deireadh), úsáid de bhreis agus rian amháin (sraitheanna), guthú, agallaimh, fuaimrian taca nó ciseal fuaime, fad, maisíochtaí fuaime agus atmaisféar;
- fuaimdhreach ilrian, saothar digiteach ceoil nó tionscadal a phleanáil agus a chruthú i stíl an phodchraolta a nascann comhaid fuaime ó réimse foinsí, a saothar féinchruthaithe le huirlisí fíorúla ina measc;
- an airde (neartú) i ngach rian a shocrú leis na fuaimeanna a chothromú agus úsáid a bhaint as céimniú amach agus isteach;
- athbhreithniú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre ag taispeáint tuiscint shoiléir ar lucht éisteachta agus cuspóir, úsáid a bhaint as teanga eagarthóireachta fuaime go muiníneach le linn machnaimh leanúnaigh, plé agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil siad ag dul i mbun oibre agus cur síos a dhéanamh ar chinntí eagarthóireachta;
- a dtáirge fuaime a roinnt le grúpa eile, plé a dhéanamh leo faoi agus é a athrú (úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha le comhobair a dhéanamh ar líne más cuí);
- a gcuid acmhainní féinchruthaithe a chomhcheangal lena léiriú;
- idirdhealú a dhéanamh maidir le húsáid na maisíochtaí closán, mar shampla leibhéal fuaime agus uainiú, úsáid aisfhuaimniú agus maisíochtaí;
- a dtionscadal a easpórtáil, más cuí, chuig aip eile, mar shampla tionscadal reatha iMovie nó Book Creator; agus
- obair shábháilte a eagrú agus a easpórtáil i bhformáid chuí amhail .mp3 nó a uaslódáil chuig an scamall le go mbeidh daoine eile ábalta éisteacht léi.

Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan

Déanann Scéalaíocht Dhigiteach cur síos ar an dóigh a mbaineann muid úsáid as uirlisí digiteacha le scéalta a insint. Is féidir leo a bheith ina scéalta pearsanta, beathaisnéiseacha, ficseanúla nó fíorasacha faoi shuim nó topaic ar leith.

Maidir le húsáid TFC is téarma cuidiúil é Scéalaíocht Dhigiteach fá choinne trí dhóigh dhifriúla ar féidir úsáid a bhaint as an teicneolaíocht trasna an churaclaim: Léiriú, Foilsitheoireacht agus Scannánaíocht agus Beochan. Tugann uirlisí digiteacha scéalaíochta deis do dhaltaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna teicniúla chomh maith le scileanna eile fosta amhail cumarsáid, radharc, fuaim, dearadh, pleanáil agus comhoibriú.

Maidir le **Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan** cruthaíonn daltaí scéal na n-íomhánna gluaisteacha. Déanann daltaí scannáin a phleanáil agus a chruthú, ag baint úsáid as íomhánna socra nó gluaisteacha, nó beochaintí. Is féidir úsáid a bhaint as beochan íomhá ar íomhá (ag baint úsáid as rudaí, mionsamhlacha le hailt ghluaisteacha nó cré) nó ríomhbheochan (ag tarraingt fráma ar fhráma i mbogearraí beochana). Thig le daltaí an obair a dhéanamh leo féin nó i ngrúpaí beaga. De réir mar a bhogann siad suas na leibhéil, cuireann siad fuaimeanna cuí amhail tráchtaireacht agus/nó ceol isteach. Tugann siad níos mó ama le pleanáil a dhéanamh ar a léirithe, scéal ar chlár a chur leo agus úsáid a bhaint as teanga ealaín na n-íomhánna gluaisteacha amhail 'seat gar-amhairc' agus 'seat fada' mar chuid den phróiseas seo.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar agus labhairt faoi shamplaí d'íomhánna socra agus íomhánna gluaisteacha, mar shampla amharc ar ghrianghraif tógtha ag an mhúinteoir agus scéal a insint faoi na rudaí a fheiceann siad nó amharc ar scannán beoite gairid agus labhairt faoi na rudaí a thaispeánann sé agus cad é mar a mhothaíonn siad faoi;
- grianghraif a thógáil nó íomhánna socra áirithe a roghnú le bailiúchán d'íomhánna atá fóirsteanach d'ábhar ranga a chruthú, mar shampla grianghraif a thógáil mar chuid d'ábhar atá siad á chlúdach sa rang;
- le cuidiú ón mhúinteoir, íomhánna socra a eagrú agus a chur in ord ar scáileán agus labhairt fúthu, mar shampla úsáid a bhaint as bogearraí cuí nó aip le scéal a insint lena n-íomhánna;
- más cuí, fuaim nó tráchtaireacht a chur lena bhfóta-thuairisc;
- scannán íomhá gluaistí de ghníomhaíocht nó ócáid scoile nó ranga a chruthú; plé a dhéanamh ar cad ba mhaith leo a scannánú agus cinneadh a dhéanamh ar cad ba chóir a bheith ann leis an scéal a insint, mar shampla cuidiú leis an mhúinteoir scannánú a dhéanamh ar ghníomhaíocht ranga amhail súgradh tógála nó cur síos a dhéanamh ar chuid dá lá scoile, amhail am sosa;
- le cuidiú ón mhúinteoir a gcuid oibre a shábháil; agus
- labhairt faoina gcuid oibre.

Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan

Leibhéal 2

Maidir le cibé cineál scannáin nó beochana ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar agus labhairt faoi shamplaí de ghearrscannáin, beochaintí nó físghabhálacha scáileáin, mar shampla fógraí, cartúin, gearrthóga scannáin nó scannán teagaisc agus scéal a insint faoi na rudaí a fheiceann siad, áit a bhfuil an scéal suite, nó roinnt príomheachtraí nó carachtair i radhairc a roghnú;
- scannán simplí nó beochan a phleanáil agus a chruthú, ag cur teideal agus/nó ceol leis, más féidir leo.

Uaidh sin:
más ag dul do ghníomhaíochtaí a bhaineann le híomhánna socra atá siad, ba chóir do dhaltaí:

- úsáid a bhaint as bogearraí cuí le hobair a dhéanamh ar íomhánna socra réamhlódáilte;
- na híomhánna a chur ina sraitheog le scéal a insint agus taifead a dhéanamh ar ghuthú nó ceol a chur leis más cuí, mar shampla úsáid a bhaint as Photo Story 3, iMovie nó aip chuí le hathord a chur ar sraitheog d'íomhánna socra;

nó

más ag cruthú beochana atá siad, ba chóir do dhaltaí:

- úsáid a bhaint as gléas digiteach le híomhánna socra de rudaí nó mionsamhalacha a thógáil, mar shampla úsáid a bhaint as marla nó fíoracha mionsamhalacha i staidiúir nó suíomh céimnithe;
- úsáid a bhaint as a ngrianghraif de rudaí nó duine i staidiúir nó suíomh céimnithe le beochan a chruthú, ag úsáid Windows Live Movie Maker, iMovie nó aip chuí;

nó

más ag cruthú scannáin atá siad, ba chóir do dhaltaí:

- a bheith ag obair i ngrúpaí beaga agus úsáid a bhaint as ceamara táibléid le scéal a insint le beagán struchtúir nó eagair, mar shampla scannán gairid neamheagraithe (níos lú ná bomaite) a chruthú ag taispeáint an dóigh le scipeáil, an dóigh le pictiúr a tharraingt, na rudaí atá foghlamtha acu faoi shábháilteacht ar bhóithre nó ag déanamh cur síos ar rud bainteach le hábhar ranga;

nó

más ag cruthú físghabháil scáileáin atá siad, ba chóir do dhaltaí:

- úsáid a bhaint as bogearraí nó aip chuí amhail Explain Everything le físghabháil scáileáin a chruthú; agus
- úsáid a bhaint as íomhá amháin nó níos mó agus úsáid a bhaint as uirlisí an phinn agus an phointeora mar aon le guthú, más cuí, le rud atá foghlamtha acu a mhíniú nó a ba mhaith leo a theagasc do dhuine eile, mar shampla cur síos a dhéanamh ar réiteach fhadhb matamaitice, nó físeán leis an dóigh a ndéanann páistí óga scuaine sa bhialann a mhíniú.

Ar deireadh
Ba chóir do dhaltaí:

- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil chuig áit ar leith agus fios a bheith acu ar an dóigh lena hoscailt arís;
- más cuí, le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a roinnt le duine eile ag baint úsáid as gléasanna digiteacha amhail Seesaw, Fronter nó Google Classroom; agus
- a gcuid oibre a athsheinm don mhúinteoir nó do dhaoine eile, labhairt faoin rud atá déanta acu agus feabhsaithe a thiocfadh leo a dhéanamh.

Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan

Leibhéal 3

Agus iad ag obair i ngrúpa beag le scannán nó beochan simplí a chruthú, ba chóir do dhaltaí:

- tús a chur le húsáid a bhaint as teanga na scannánaíochta amhail radharc, suíomh, carachtar, dath (maidir le hatmaisféir agus mothúchán) seat gar-amhairc nó seat fada (fad idir ceamara agus ábhair) nó fuaimrian agus iad ag amharc ar agus ag labhairt faoi ghearrthóga scannáin roghnaithe ag an mhúinteoir;
- líon na seatanna atá i ngearrthóg scannáin gairid a shainaithint;
- na gnéithe de scéal maith a shainaithint, trí shamplaí ó shíscéalta, finscéalta, dánta, amhráin, gearrscannáin, úrscéalta, fógraí, tuairisc nuachta nó aimsire a fhiosrú, ag sainaithint go bhfuil tús, lár agus deireadh de dhíth ar gach gearrscéal;
- úsáid a bhaint as scéalchlár leis an scéal ba mhaith leo a insint ina scannán nó beochan, agus script le dul leis a chruthú, más gá;
- éagsúlacht d'íomhánna socra agus íomhánna gluaisteacha i láthair áirithe nó stáitse, nó mar mhalairt air sin os comhair scáileáin ghlais (más ag baint úsáid as aip eagarthóireachta scáileáin ghlais) a chumadh agus a thaifeadadh;
- úsáid a bhaint as bogearraí cuí le híomhánna a iompórtáil agus roinnt eagarthóireachta a dhéanamh le beochan nó scannán simplí a chruthú;
- reacaireacht, fuaimeanna nó ceol a chur leis an scannán nó leis an bheochan;
- gnéithe amhail teidil, trasdulta nó maisíochtaí a chur leis;
- é a shábháil ag baint úsáid as comhadainmneacha chuig fillteán áirithe, nó más ag baint úsáid as aip, chuig láthair sonraithe ag an mhúinteoir;
- a gcuid oibre a roinnt leis an mhúinteoir nó le daoine eile (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid le tráchtaireacht a dhéanamh ar an obair agus freagra a thabhairt don aiseolas); agus
- ina ngrúpa, amharc ar na scannáin atá déanta acu agus plé a dhéanamh ar dhóigheanna lena bhfeabhsú, na feabhsaithe sin a chur i gcrích agus iad a shábháil arís.

Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan

Leibhéal 4

Agus iad ag obair i ngrúpa beag le scannán nó beochan a chruthú, ba chóir do dhaltaí:

- amharc ar agus labhairt faoi ghearrthóga scannáin roghnaithe ag baint úsáid as teanga scannánaíochta amhail radharc, plota, feisteas, prapaí, seat gar-amhairc, meánseat, seat fada, uillinn an cheamara, fuaimrian, atmaisféar, stíl nó seánra agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh a mbaintear úsáid astu leis an scéal a insint, mothúcháin dhifriúla a thaispeáint agus an lucht féachana a mhealladh;
- machnamh agus cur síos a dhéanamh ar an dóigh a dtiocfadh leo struchtúr agus ábhar scéalta i ngearrthóga scannáin coitianta a athrú lena n-insint ar dhóigh dhifriúil;
- gearrscannán nó beochan a phleanáil agus scéal a chur orthu ag taispeáint feasachta ar lucht féachana agus machnamh ar phlota;
- úsáid a bhaint as teanga ealaín na n-íomhánna gluaisteacha agus iad ag pleanáil, mar shampla úsáid a bhaint as teanga amhail gar-amhairc, meánseat, agus seat fada agus iad ag cur nótaí leis an scéalchlár;
- an dóigh is fearr a phleanáil le haird an lucht féachana a mhealladh trí mhachnamh a dhéanamh ar fhad an scannáin, fad na radharcanna, ceol agus maisíochtaí fuaime agus roghanna difriúla d'uillinneacha an cheamara;
- script a chumadh, ag baint úsáid as aip theilileideora nó clár, má tá siad ar fáil;
- róil a thabhairt do gach duine agus suíomhanna agus/nó láithreacha fá choinne scannánú radharcanna a roghnú, ag socrú ar phrapaí agus feistis atá de dhíth;
- radharcanna a scannánú, ag déanamh machnaimh ar rudaí le fágáil ar lár nó a chur lena mbunphlean agus iad a iompórtáil chuig pacáiste bogearraí cuí mar shampla Windows Live Movie Maker nó iMovie lena scannán nó beochan a dhéanamh;
- an scannán a chur in eagar, cinntí a dhéanamh faoi na rudaí atá le fágáil ar lár agus a chur san áireamh agu triail a bhaint as réimse gnéithe a chur leis amhail teidil, trasdulta, cúlraí (más ag baint úsáid as aip scáileáin ghlais), maisíochtaí agus teidil chreidiúna (is féidir iad seo a chruthú in aip eile) atá ábhartha dá scannán, a gcuid oibre a shábháil de réir mar a chuireann siad in eagar í;
- maisíochtaí fuaime cuí, ceol nó reacaireacht a chur leis, ag déanamh machnaimh ar uainiú;
- úsáid a bhaint as teanga ealaín na n-íomhánna gluaisteacha agus iad ag déanamh athbhreithnithe agus eagarthóireachta ar a gcuid oibre, mar shampla úsáid a bhaint as teanga scannánaíochta amhail cóiriú, scoilteadh, gearradh, bearradh nó céimniú;
- a scannán atá curtha in eagar a thaispeáint do ghrúpa eile, plé a dhéanamh faoi agus mionathruithe a dhéanamh ag baint úsáid as na huirlisí eagarthóireachta;
- más cuí, a gcuid oibre a roinnt go digiteach lena múinteoir nó le daoine eile ag baint úsáid as uirlisí digiteacha le tráchtaireacht a dhéanamh ar an obair agus freagra a thabhairt ar aiseolas; agus
- obair shábháilte a eagrú agus a easpórtáil i bhformáid chuí le go mbeidh daoine eile ábalta amharc uirthi.

Scéalaíocht Dhigiteach: Scannánaíocht agus Beochan

Leibhéal 5

Ag obair i ngrúpa le léiriúchán scannáin nó beochana a chruthú, ag tógáil ar scileanna de dhíth sna réamhleibhéil, ba chóir do dhaltaí:

- scannáin nó beochan a phleanáil agus scéal a chur air ag taispeáint tuiscint shoiléir ar an lucht féachana, mar shampla scannán faoi imeacht speisialta ar scoil nó beochan ag taispeáint lá i saol oibrithe mhuileann lín sa naoú haois déag le reacaireacht ghuthaithe agus maisíochtaí fuaime féinchruthaithe a phleanáil;
- acmhainní féinchruthaithe a chomhcheangal lena léiriúchán, na cinn léirithe in aipeanna nó bogearraí eile san áireamh, mar shampla píosa scannánaíochta a bhaineannn le híomhá ghluaisteach, stadáin, grianghraif agus taifeadtaí fuaime;
- úsáid maisíochtaí agus trasdulta a roghnú go ciallmhar, mar shampla, an rogha de chúlra in aipeanna scáileáin ghlais, abhatáranna, leibhéil fuaime agus uainiú;
- cinntí eagarthóireachta soiléire a dhéanamh, mar shampla na rudaí atá le fágáil ar lár agus a chur leis agus iad ag scannánaíocht agus i mbun eagarthóireachta;
- úsáid a bhaint as teanga ealaín na n-íomhánna gluaisteacha le muinín agus iad ag pleanáil agus le linn machnaimh leanúnaigh, plé agus luacháil a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil siad ag dul i mbun na gníomhaíochta agus ag déanamh cur síos ar chinntí eagarthóireachta;
- más cuí, úsáid a bhaint as uirlis chomhoibríoch amhail Fronter nó Google Classroom; agus
- acmhainní an tionscadail a eagrú agus a shábháil i struchtúr ciallmhar comhad agus iad a easpórtáil i bhformáid chuí comhaid.

Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht

Déanann **Scéalaíocht Dhigiteach** cur síos ar an dóigh a mbaineann muid úsáid as uirlisí digiteacha le sceálta a insint. Is féidir leo a bheith ina scéalta pearsanta, beathaisnéiseacha, ficseanúla nó fíorasacha faoi shuim nó topaic ar leith.

Maidir le úsáid TFC is téarma cuidiúil é Scéalaíocht Dhigiteach fá choinne trí dhóigh dhifriúla ar féidir úsáid a bhaint as teicneolaíocht trasna an churaclaim: Léiriú, Foilsitheoireacht agus Scannánaíocht agus Beochan. Tugann uirlisí digiteacha scéalaíochta deis do dhaltaí forbairt a dhéanamh ar a scileanna teicniúla chomh maith le scileanna eile fosta amhail cumarsáid, radharc, fuaim, dearadh, pleanáil agus comhoibriú.

Is é **Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht** gníomhaíocht ar bith a bhaineann le huirlis dhigiteach a úsáid le scéal nó cur i láthair a chur i láthair.

Ag na leibhéil níos ísle, cuireann daltaí teacs agus íomhánna nó fuaimeanna isteach sna bogearraí láithreoireachta. Bogann daltaí ar aghaidh chuig taighde a dhéanamh agus acmhainní a roghnú ó réimse d'fhoinsí lena gcur ina léiriúchán. Is gné thábhachtach é feasacht a thaispeáint ar an lucht féachana. Ag na leibhéil uilig caithfidh daltaí a bheith ábalta a chur i láthair os comhair lucht féachana cuí. Ag leibhéil níos airde caithfidh fios a bheith acu ar na gnéithe a bhaineann leis na huirlisí digiteacha a úsáid agus machnamh a dhéanamh ar na huirlisí is fearr a úsáid lena scéal a insint.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- íomhá agus fuaim a aimsiú agus a roghnú (más cuí) agus le cuidiú ón mhúinteoir iad a chur i mbogearraí láithreoireachta cuí;
- abairt nó frása simplí a chruthú le dul leis an íomhá agus fuaim nó guthú a chur leis;
- le cuidiú ón mhúinteoir, an obair a shábháil; agus
- le cuidiú ón mhúinteoir an obair a chur i láthair os comhair an ranga agus labhairt fúithi.

Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht

Leibhéal 2

Ba chóir do dhaltaí:

- íomhánna agus más cuí, fuaimeanna ó fhoinse ar leith a bheidh fóirsteanach dá gcuid oibre a aimsiú agus a roghnú;
- iad a chomhcheangal lena dtéacs féin nó le téacs eile agus/nó guthú;
- machnamh a dhéanamh ar an leagan amach agus mionathruithe a dhéanamh ar láthair leis an éifeacht is fearr a fháil;
- plé a dhéanamh ar chúlraí agus clónna;
- mionathruithe a dhéanamh ar méid an téacs agus ar an dath le go mbeidh sé fóirsteanach;
- méid na n-íomhánna a athrú trí tharraingt ar an hanla sa choirnéal le nach mbeidh na híomhánna sínte nó díchumtha;
- focail choitianta agus aitheanta a litriú le ceann litreacha más gá;
- trasdul simplí a roghnú agus úsáid a bhaint as;
- machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr lena sleamhnáin a ordú lena scéal a insint nó a bhfiricí a chur i láthair go héifeachtúil;
- a gcur i láthair a thaispeáint don ghrúpa nó don rang le cuidiú ón mhúinteoir agus labhairt faoi fhéidearthachtaí feabhsaithe; agus
- le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a shábháil chuig láthair ar leith agus fios a bheith acu ar an dóigh le teacht uirthi agus lena hoscailt arís.

Leibhéal 3

Ba chóir do dhaltaí:

- dul isteach, íomhánna (agus fuaimeanna más cuí) a roghnú agus a iompórtáil ó réimse d'fhoinsí digiteacha ar leith, mar shampla ó cheamara nó taibléad, a gcuid saothar ealaíne féin, taifeadtaí fuaime, closghréasán, leabharlann phictiúr nó comhfhillteán;
- téacs a d'aimsigh siad a chruthú nó eagar a chur air, ag athrú a bhfuil ann, méid cló, stíl agus dath leis an éifeacht is fearr a fháil agus le go mbeidh sé fóirsteanach do chuspóir a gcuid oibre;
- úsáid a bhaint as leagan amach sleamhnán a chuireann na bogearraí ar fáil;
- téacs agus íomhánna a chomhcheangal agus a shuí, agus úsáid a bhaint as fuaimeanna ar dhóigh chuí;
- teidil agus foscríbhinní a chur leis, más cuí;
- íomhá a scálú go cuí;
- focail choitianta a litriú go cruinn agus úsáid a bhaint as an phoncaíocht cheart agus spásáil focail;
- trasdul amháin nó níos mó a roghnú agus úsáid a bhaint as;
- triail a bhaint as mionathraithe a dhéanamh ar ord a sleamhnán lena scéal a insint nó a bhfíricí a thaispeáint go héifeachtach;
- a gcuid oibre a roinnt leis an mhúinteoir nó le daoine eile (is féidir uirlisí digiteacha ar líne faoi mhaoirseacht amhail Fronter nó Google Classroom a úsáid);
- machnamh a dhéanamh ar aiseolas faighte agus athruithe a dhéanamh más cuí; agus
- an obair a shábháil ag baint úsáid as comhadainmneacha chuig láthair ar leith, nó más ag baint úsáid as aip, é a easpórtáil chuig láthair sonraithe ag an mhúinteoir.

Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht

Leibhéal 4

Ba chóir do dhaltaí:

- cur i láthair/scéal digiteach a phleanáil agus a chruthú ag taispeáint feasachta ar an lucht féachana agus cuspóir;
- acmhainní a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad iad féin a roghú agus taigdhe a dhéanamh orthu, amhail téacsanna, íomhánna socra agus/nó gluaisteacha, léarscáileanna, graif, táblaí nó fuaimeanna (ba chóir go mbeadh na daltaí ábalta suíomhanna gréasáin cuí a chur lena gcuid ceanán/ leabharmhairc, a gcuid acmhainní agus taighde a shábháil chuig fillteáin agus fios a bheith acu nach bhfuil gach foinse iontaofa;
- acmhainní a íoslódáil i bhformáid fhóirsteanach do bhogearraí léiriúcháin;
- téacs a chruthú nó eagar a chur ar théacs a d'aimsigh siad agus é a fhormáidiú ag baint úsáid as boscaí téacs, imlínte, urchair agus uimhriú;
- an dóigh ar féidir le beochan shaincheaptha dul i bhfeidhm ar an ord a nochtann íomhánna agus téacs ar an tsleamhnán a fhiosrú;
- úsáid a bhaint as gnéithe dearthóireachta amhail teimpléid, dathanna, imlínte nó téamaí;
- úsáid a bhaint as as trasdul amháin nó níos mó idir sleamhnáin le go mbeidh an léiriú fóirsteanach don ábhar agus don chomhthéacs;
- a gcuid oibre a roinnt le duine eile (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid le tráchtanna a fhágáil ar obair daoine eile agus freagra a thabhairt ar aiseolas iad féin);
- an foilseachán a shábháil agus a easpórtáil san fhormáid chuí comhaid le go mbeidh sé inseinnte ar ghléas eile; agus
- an rud a déarfaidh siad a ullmhú agus a chleachtadh agus an cur i láthair a thabhairt os comhair an ghrúpa nó ranga, ag tabhairt freagra ar cheisteanna nó tráchtanna.

Scéalaíocht Dhigiteach: Láithreoireacht

Leibhéal 5

Ba chóir do dhaltaí:

- cur i láthair/scéal digiteach a bhfuil struchtúr loighciúil agus comhtháite air a phleanáil agus a chruthú, ag taispeáint feasacht shoiléir ar an lucht féachana agus cuspóir;
- taighde a dhéanamh ar acmhainní amhail íomhánna socra agus/nó gluaisteacha agus fuaim, ó réimse níos leithne d'fhoinsí;
- na hacmhainní a ndearnadh taighde orthu a anailísiú agus a bheith tuisceanach faoina n-ábharthacht, gcruinneas agus gcaighdeán;
- fios a bheith acu nach bhfuil gach faisnéis oibiachtúil agus nach bhfuil gach foinse iontaofa;
- acmhainní a roghnú, eagar a chur orthu agus úsáid a bhaint astu, ba chóir cuid acu a bheith féinchruthaithe amhail íomhá ghluaisteach nó comhad fuaimdhreacha sa chur i láthair, ag taispeáint tuiscint shoiléir ar an lucht féachana agus cuspóir;
- fillteán ina bhfuil fofhillteáin a chothabháil le hacmhainní agus ábhar don fhoilseachán a eagrú;
- úsáid a bhaint as beochan shaincheaptha, trasdulta nó nascleanúint cuí agus iad a thuiscint;
- tuiscint a léiriú ar an dóigh a gcuireann leagan amach, cló, stíl agus dath le tionchar físiúil agus inrochtaineacht an chur i láthair;
- maisíochtaí amhail scagairí, scáileanna agus stíleanna le cur le híomhánna socra nó gluaisteacha a chur isteach;
- úsáid a bhaint as seiceálaí litrithe, teasáras agus foclóir digiteach;
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí agus a bheith ar an eolas faoi reachtaíocht chóipchirt;
- plé a dhéanamh leis an mhúinteoir nó le daltaí eile agus freagra a thabhairt ar aiseolas (más féidir, is féidir é seo a dhéanamh ar uirlis chomhoibríoch amhail Fronter nó fóram ar líne);
- an foilseachán a shábháil agus a easpórtáil san fhormáid chuí comhaid; agus
- tráchtaireacht struchtúrtha dá gcur i láthair a phleanáil agus a chleactadh, an lucht féachana a chur san áireamh lena thabhairt go soiléir agus go héifeachtach don ghrúpa nó rang, an úsáid is fearr a bhaint as an ábhar agus maisíochtaí ina gcur i láthair le tacú lena gcur chuige, agus a dtráchtaireacht a mhionathrú le freagraí ar cheisteanna nó tráchtanna a chur leis, ag déanamh tagairt don chur i láthair más gá lena bhfreagraí a léiriú.

Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht

Déanann **Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht** cur síos ar an dóigh a mbaineann muid úsáid as uirlisí digiteacha le sceálta a insint. Is féidir leo bheith ina scéalta pearsanta, beathaisnéiseacha, ficseanúla nó fíorasacha faoi shuim nó topaic ar leith.

Maidir le úsáid TFC is téarma cuidiúil é Scéalaíocht Dhigiteach fá choinne trí dhóigh dhifriúla ar féidir úsáid a bhaint as teicneolaíocht trasna an churaclaim: Léiriú, Foilsitheoireacht agus Scannánaíocht agus Beochan. Tugann uirlisí digiteacha scéalaíochta deis do dhaltaí forbairt a dhéanamh ar a scileanna teicniúla chomh maith le scileanna eile fosta amhail cumarsáid, radharc, fuaim, dearadh, pleanáil agus comhoibriú.

Maidir le Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht baineann daltaí úsáid as bogearraí le heolas a chur in iúl trí mheán ábhar clóite nó foilseacháin dhigiteacha ar nós ríomhleabhair nó suíomhanna gréasáin. Ag na leibhéil ísle, thig le daltaí téacs agus íomhánna a chomhcheangal le póstaer simplí, cuireadh, nó ríomhleabhar (is féidir fuaimeanna a chur le ríomhleabhar) a chruthú. Bogann siad ar aghaidh chuig taighde a dhéanamh agus acmhainní a roghnú, amhail téacs íomhánna agus fuaimeanna ó réimse d'fhoinsí agus iad seo a chur isteach ina bhfoilseacháin féin amhail nuachtáin, bróisiúr, leabhráin, ríomhleabhair, blaganna nó suíomhanna gréasáin. De réir mar a bhogann daltaí chuig na leibhéil is airde, bainfidh siad úsáid as gnéithe atá níos sofaisticiúla, mar shampla ailíniú, comhfhadú, colúin, timfhilleadh téacs nó nascleanúint leis an fhoilseachán a fheabhsú.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- labhairt faoi agus amharc ar shamplaí d'fhoilsitheoireacht dhigiteach amhail bileog nó ríomhleabhar simplí, ag baint úsáid as téarmaí amhail téacs, íomhá agus leathanach le cur síos a dhéanamh ar an rud a fheiceann siad;
- íomhá agus fuaim (más cuí) a aimsiú agus a roghnú ó fhoinse tugtha ón mhúinteoir agus le cuidiú ón mhúinteoir iad sin a chur i mbogearraí foilsitheoireachta cuí;
- abairt nó frása simplí a chruthú le dul leis an íomhá (agus fuaim);
- labhairt faoina n-obair dhigiteach agus í a roinnt; agus
- le cuidiú ón mhúinteoir, an obair a shábháil.

Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht

Leibhéal 2

Ba chóir do dhaltaí:

- labhairt faoi agus amharc ar shamplaí d'fhoilsitheoireacht dhigiteach, tús a chur le smaointeoireacht faoi láthair an téacs agus íomhánna ar leathanach;
- íomhánna agus fuaimeanna, más cuí, a aimsiú agus a roghnú, ó fhoinse áirithe a bheidh fóirsteanach dá n-obair;
- iad a chomhcheangal le téacs a d'aimsigh siad nó lena dtéacs féin;
- táirge digiteach foilsitheoireachta a chruthú, mar shampla póstaer, ticéad nó ríomhleabhar;
- machnamh a dhéanamh ar leagan amach agus lonnú leis an éifeacht is fearr a fháil;
- cló a fhiosrú agus a roghnú ag athrú méid agus dath an téacs le go mbeidh sé fóirsteanach;
- méid na n-íomhánna a athrú ag baint úsáid as hanla coirnéil le nach mbeidh siad sínte nó díchumtha;
- focail choitianta agus aitheanta a litriú agus úsáid a bhaint as spásanna, lánstadanna agus roinnt ceannlitreacha;
- le cuidiú, a gcuid oibre a roinnt (is féidir uirlisí digiteacha amhail Seesaw, Frontar nó Google Classroom a úsáid) agus labhairt faoi fhéidearthachtaí feabhsaithe; agus
- a chinntiú go bhfuil an obair sábháilte agus fios a bheith acu ar an dóigh lena theacht uirthi agus lena hoscailt arís.

Leibhéal 3

Ba chóir do dhaltaí:

- labhairt faoi agus amharc ar shamplaí d'fhoilsitheoireacht dhigiteach, tús a chur le smaointeoireacht faoi ghnéithe dearaidh amhail méid na n-íomhánna agus téacs, rogha cló, spás, uigeacht agus patrún;
- téacs agus íomhánna d'ardchaighdeán (agus fuaimeanna, más cuí) ó fhoinsí digiteacha áirithe a aimsiú, mar shampla ceamara nó taibléad, a gcuid saothar ealaíne féin, comhfhillteáin nó leabharlanna digiteacha C2k;
- úsáid a bhaint as teimpléad, más cuí, lena dtáirge a chruthú mar shampla bileog, ríomhleabhar, cárta beannachta, póstaer nó greannán;
- téacs a chruthú nó eagar a chur ar théacs a d'aimsigh siad, ag athrú an ábhair, clómhéid, stíl agus dath leis an éifeacht is fearr a fháil agus lena chur in oiriúint dá gcuid oibre;
- téacs agus íomhánna a chomhcheangal agus a shuí mar is cuí, ag taispeáint tuisceana ar leagan amach an téacs, amhail úsáid pointí le hurchair agus íomhánna a tharraingt le chéile;
- teideal, fotheidil agus foscríbhinní a chur san áireamh, más cuí;
- íomhá a scálú go cuí;
- focail atá in úsáid go minic a litriú go cruinn agus úsáid a bhaint as an phoncaíocht cheart agus spásáil focail;
- a gcuid oibre a roinnt leis an mhúinteoir agus/nó le daoine eile (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid le trácht a fhágáil ar obair daoine eile agus freagra a thabhairt ar aiseolas leo féin);
- machnamh a dhéanamh ar cibé aiseolas faighte agus athruithe a dhéanamh más cuí; agus
- ag baint úsáid as comhadainmneacha, an obair a shábháil chuig fillteán áirithe, nó má tá aip in úsáid, a easpórtáil chuig láthair sonraithe ag an mhúinteoir.

Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht

Leibhéal 4

Ba chóir do dhaltaí:

- labhairt faoi agus amharc ar shamplaí d'fhoilsitheoireacht dhigiteach, tús a chur le smaointeoireacht faoi ghnéithe de dhearadh maith agus feidhmiúlacht don táirge;
- doiciméad a phleanáil agus a chruthú, amhail bileog trí fhilleadh nó leathanach nuachtáin, foilseachán leictreonach, ríomhleabhar idirghníomhach nó leathanach gréasáin, suíomh gréasáin nó blag ag taispeáint feasachta ar chuspóir a dtáirge agus ar an lucht féachana ina rogha d'fhormáid nó ábhar;
- acmhainní a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad féin a roghnú agus taighde a dhéanamh orthu, amhail téacs, íomhánna socra agus/nó gluaisteacha, léarscáileanna, graif, táblaí nó fuaimeanna; ag cur suíomhanna gréasáin cuí lena gcuid ceanán/leabharamharcanna, a gcuid acmhainní agus taighde a shábháil chuig fillteán agus fios a bheith acu nach bhfuil gach foinse iontaofa;
- acmhainní a íoslódáil i bhformáid chuí comhaid d'fhoilsitheoireacht;
- téacs a chruthú nó eagar a chur ar théacs a d'aimsigh siad agus é a fhormáidiú ag baint úsáid as gnéithe amhail ailíniú, comhfhadú, uimhriú, paragraif, colúin, agus timfhilleadh focail agus timfhilleadh nó sreabhadh téacs;
- úsáid a bhaint as boscaí téacs agus iad a fhormáidiú mar is cuí, mar shampla úsáid a bhaint as imlíne nó é a athrú é le go mbeidh sé trédhearcach, nó an bosca a rothlú le go mbeidh sé níos suimiúla;
- úsáid a bhaint as gnéithe dearaidh amhail cóngaracht*, codarsnacht, imlínte nó uimhreacha leathanaigh leis an doiciméad a fheabhsú;
- úsáid a bhaint as gnéithe athbhreithnithe amhail an seiceálaí litrithe digiteach;
- a gcuid oibre a roinnt le duine eile (is féidir uirlisí digiteacha a úsáid le trácht a fhágáil ar obair daoine eile agus freagra a thabhairt ar aiseolas leo féin); agus
- an foilseachán a shábháil agus a easpórtáil san fhormáid chuí comhaid le go dtig le húsáideoir eile é a oscailt ar ghléas eile.

* Baineann cóngaracht le míreanna cosúla a ghrúpáil le chéile, iad a bhogadh níos cóngaraí dá chéile sa dóigh go mbeidh siad le feiceáil mar ghrúpa comhtháite ná mar chodanna nach bhfuil aon bhaint acu le chéile.

Scéalaíocht Dhigiteach: Foilsitheoireacht

Leibhéal 5

Ba chóir do dhaltaí:

- freagra a thabhairt ar agus smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh faoi shamplaí d'fhoilsitheoireacht dhigiteach, dearadh agus feidhmiúlacht an táirge ina measc;
- foilseachán ilchasta amhail suíomh idirlíon, nuachtán, bileog, foilseachán leictreonach a phleanáil agus a chruthú, ag taispeáint feasacht shoiléir ar an lucht féachana agus cuspóir sa táirge dheireanach;
- acmhainní a roghnú agus taighde a dhéanamh orthu, acmhainní féinchruthaithe amhail téacs, íomhánna, graif nó táblaí, ó réimse níos leithne d'fhoinsí;
- na hacmhainní a ndearnadh taighde orthu a anailísiú agus a bheith tuisceanach faoina mbaint, gcruinneas agus gcaighdeán;
- fios a bheith acu nach bhfuil gach faisnéis oibiachtúil nó nach bhfuil gach foinse iontaofa;
- acmhainní a roghnú, a chur in eagar agus a úsáid ag taispeáint tuiscint shoiléir ar an lucht féachana agus cuspóir;
- acmhainní cuí a chruthú más gá, mar shampla, íomhá ghluaisteach nó fuaimdhreach a chruthú agus a leabú san fhoilseachán;
- fillteán ina bhfuil fofhillteáin a chothabháil le hacmhainní agus ábhar an fhoilseacháin a eagrú;
- socruithe maidir le leagan amach an fhoilseacháin a thuiscint agus a úsáid amhail imill leathanaigh, táib, briseadh rannáin agus leathanaigh, ceanntáisc agus buntáisc fá choinne doiciméid;
- tuiscint a thaispeáint ar an dóigh a n-aistríonn gnéithe dearaidh, amhail ailíniú, cóngaracht, dath, codarsnacht, imlínte nó uimhir leathanaigh ón scáileán go cló (más ag cruthú doiciméid);
- úsáid a bhaint as boscaí téacs nasctha agus grúpáil, mar shampla pictiúr agus ceannscríbhinn i ndoiciméid le leagan amach a fheabhsú;
- maisíochtaí amhail scagairí, scáileanna agus stíleanna a chur isteach le híomhánna gluaisteacha agus le híomhánna socra a fheabhsú;
- úsáid a bhaint as seiceálaí litrithe, teasáras agus foclóir digiteach, más cuí;
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí agus fios a bheith acu ar rialúcháin chóipchirt;
- plé a dhéanamh leis an mhúinteoir nó le daltaí eile le linn an phróisis agus freagra a thabhairt ar aiseolas tugtha, má tá sé ar fáil, is féidir é seo a dhéanamh tríd uirlis chomhoibríoch amhail Google Classroom nó Fronter;
- an foilseachán a shábháil agus a easpórtáil san fhormáid chuí comhaid, mar shampla scannán fá choinne foilseacháin ilmheáin, html fá choinne gréasáin; agus
- foilseachán ar líne ar bith a chothabháil amhail suíomh gréasáin nó blág le go mbeidh sé suas chun dáta.

Bainistiú Sonraí

Maidir le **Bainistiú Sonraí** cuireann daltaí ag na leibhéil ísle sonraí isteach i mbunachar sonraí nó i mbogearraí eile agus déanann siad léiriú grafach a chruthú. Téann siad ar aghaidh chuig a gcuid sonraí féin a bhailiú, is féidir úsáid a bhaint as uirlisí suirbhé ar líne lena dhéanamh, iad a chur i láthair agus anailís a dhéanamh orthu. Bogann siad ar aghaidh chuig fadhbréiteach ag baint úsáid as cuid de na huirlisí i mbunachar sonraí nó scarbhileog. Ag na leibhéil is airde déanann daltaí athchóiriú ar fhoirmlí le fadhbanna a réiteach, breathnóireacht a dhéanamh agus tátal a bhaint astu.

Leibhéal 1

Ba chóir do dhaltaí:

- bunachar sonraí digiteach a fhiosrú leis an chuid eile den rang agus tuairimí a thabhairt faoi ainmneacha na réimsí;
- le cuidiú ón mhúinteoir faisnéis a iontráil isteach i mbunachar sonraí áirithe, mar shampla taifead fá choinne gach dalta a chur isteach i mbunachar sonraí 'Ourselves' i mbogearraí amhail Information Workshop nó J2 Database;
- aipeanna nó bogearraí grafa idirgníomhacha amhail RM Starting Graph nó 2Count a fhiosrú;
- cinntí a dhéanamh trí chliceáil ar chnaipí nó íomhánna difriúla ar scáileán le graf nó cairt a chruthú le faisnéis áirithe;
- labhairt faoina gcuid oibre agus a roinnt leis an mhúinteoir agus/nó le comhghleacaithe;
- más cuí agus le cuidiú ón mhúinteoir, a gcuid oibre a roinnt ag baint úsáid as uirlisí digiteacha amhail Seesaw; agus
- le cuidiú ón mhúinteoir, an obair a phriontáil nó a shábháil.

Leibhéal 2

Ba chóir do dhaltaí:

- labhairt faoi agus amharc ar dhóigheanna le sonraí atá bainte le hábhar ranga a bhailiú;
- na sonraí a ndéanfar anailísiú orthu a bhailiú, mar shampla úsáid a bhaint as bileog bailithe sonraí áirithe leis na sonraí a bhailiú;
- na sonraí bailithe a iontráil isteach i mbunachar sonraí nó i mbogearraí grafa eile;
- léiriú grafach a chruthú amhail blocghraf, picteagram simplí nó léaráid le teideal agus lipéid;
- faisnéis ón ghraf nó bunachar sonraí a phlé agus a léirmhíniú;
- más cuí agus le cuidiú ón mhúinteoir, obair a roinnt ag baint úsáid as gléasanna digiteacha amhail Seesaw, Fronter nó Google Classroom; agus
- cinnte a dhéanamh de go bhfuil a gcuid oibre priontáilte, sábháilte nó cóipeáilte mar ghabháil scáileáin i ndoiciméad nó i bhfillteán.

Bainistiú Sonraí

Leibhéal 3

Léiriú grafach
Ba chóir do dhaltaí:

- an fhaisnéis a bheidh de dhíth orthu le bailiú le graf a chruthú atá bainte le tionscadal ranga a phlé;
- an dóigh lena bhfaisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh a phleanáil, ag baint úsáid as bileog bailithe sonraí;
- le cuidiú ón mhúinteoir, bileog bailithe sonraí a dhearadh agus úsáid a bhaint as leis na sonraí a bhailiú (mas cuí, úsáid a bhaint as uirlis dhigiteach suirbhé);
- na sonraí bailithe a iontráil isteach i mbogearraí grafa;
- léiriú grafach fóirsteanach le lipéid a roghnú agus a chruthú; agus
- a ngraf a shábháil agus a chóipeáil mar ghabháil scáileáin i ndoiciméad, áit ar féidir leo tuairimí a thaifeadadh nó an fheidhm thaifeadadh scáileáin a úsáid ar ghléasanna iOS (iOS II nó níos airde).

Scarbhileoga
Ba chóir do dhaltaí:

- a bhfaisnéis féin nó faisnéis áirithe a iontráil i mbunachar sonraí nó scarbhileog áirithe; agus
- fadhbanna simplí a réiteach ag baint úsáid as cuid de na huirlisí atá ar fáil i mbunachar sonraí nó scarbhileog, mar shampla, uimhreacha a iontráil i scarbhileog le feidhm ionsuite agus úsáid a bhaint as na torthaí.

Ar deireadh
Ba chóir do dhaltaí:

- a gcuid oibre a roinnt agus tráchtaireacht a dhéanamh ar na píosaí, más cuí ag baint úsáid as uirlisí digiteacha; agus
- tátal a bhaint as, mar shampla tráchtaireacht a dhéanamh ar na sonraí, torthaí nó léiriú grafach.

Bainistiú Sonraí

Leibhéal 4

Ba chóir do dhaltaí:

- úsáid a bhaint as réimse foinsí, amhail catalóga, suíomhanna idirlín, táblaí nó liostaí, le taighde a dhéanamh ar na sonraí atá de dhíth le fadhb a réiteach;
- le treoir ón mhúinteoir an fhaisnéis a bheidh de dhíth orthu a bhailiú do thionscadal a phlé;
- na ceisteanna a bheidh in úsáid a phlé agus suirbhé a chruthú, ag baint úsáid as uirlisí digiteacha amhail SurveyMonkey, Google Forms nó Office365 Forms;
- a gcuid faisnéise i bhformáid ghrafach amhail scarbhileog a chur i láthair agus é a cheangal le cuspóir a dtionscadáil;
- freagra a thabhairt ar cheisteanna simplí tríd úsáid a bhaint as SÓRTÁIL nó foirmlí simplí amhail + nó -;
- úsáid a bhaint as gnéithe amhail iarratais shimplí i mbunachar sonraí le faisnéis atá eagraithe i bhformáid thábla a cheistiú, mar shampla cuardach a dhearadh ag baint úsáid as dhá chritéar, a shainaithníonn gach paisinéir den thriú-ghrád a tháinig slán ó thubaiste an Titanic;
- a gcuid oibre a roinnt, is féidir uirlisí digiteacha a úsáid, freagra a thabhairt ar aiseolas agus tráchtaireacht a dhéanamh ar obair daoine eile; agus
- comhaid a eagrú agus obair a easpórtáil i bhformáid chuí le go mbeidh daoine eile ábalta amharc uirthi.

Leibhéal 5

Ba chóir do dhaltaí:

- taighde a dhéanamh ar an fhaisnéis atá de dhíth le tionscadal a chur i gcrích;
- foirm bailithe sonraí a dhearadh go neamhspleách nó suirbhé a chruthú ag baint úsáid as uirlis dhigiteach amhail SurveyMonkey, Google Forms, Office 365 Forms ag déanamh cinntí ar fhormáid na ceiste, roghanna freagraí agus an dóigh leis an fhaisnéis a léiriú;
- úsáid a bhaint as gnéithe d'uirlisí digiteacha leis an fhaisnéis a anailísiú agus fadhbanna a réiteach, mar shampla úsáid a bhaint as gnéithe ionsuite i scarbhileog nó bunachar sonraí, agus foirmle a chur in oiriúint le fadhbanna a réiteach i ndiaidh plé a dhéanamh ar an táirge thosaigh;
- a gcuid oibre a roinnt, ag baint úsáid as uirlisí digiteacha más cuí, freagra a thabhairt ar aiseolas, agus tráchtaireacht a dhéanamh ar obair daoine eile ag déanamh luachála ar phróiseas agus toradh; agus
- comhaid a eagrú agus obair a fhoilsiú ar líne (má tá sé ar fáil) le go mbeidh daoine eile ábalta amharc uirthi, mar shampa ag baint úsáid as uirlis ar líne amhail Fronter, Google Classroom, Office 365 nó Seesaw.

© CCEA 2019

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning